C/2025/1558

6.3.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1558)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Campo de Borja’

PDO-ES-A0180-AM04

Dáta na teachtaireachta: 13.12.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

TÁSC ROGHNACH NUA AR AN LIPÉADÚ

TUAIRISC:

Cuireadh an téarma lipéadaithe ‘Garnachas Históricas’ isteach le haghaidh fíonta aonchineálacha a dhéantar as cineál dearg Garnacha, ar choinníoll go dtagann na fíonchaora le haghaidh an táirgthe sin ó fhíonghoirt atá 35 bliana d’aois ar a laghad.

Baineann an leasú sin le forálacha lipéadaithe (pointe 8 den tsonraíocht agus pointe 9 den doiciméad aonair).

Meastar gur leasú caighdeánach é toisc – mar a leagtar síos in Airteagal 24(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1143 – nach n-áirítear athrú ar an ainm, ar úsáid an ainm ná ar chatagóirí an táirge, nach bhfuil aon riosca ann go gcuirfear an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní agus nach bhfuil tuilleadh srianta ar mhargú an táirge i gceist leis an leasú.

CÚIS:

Is é is cúis leis an téarma roghnach ‘Garnachas Históricas’ a áireamh fíonghoirt de chineál dearg Garnacha d’aois áirithe a chosaint, a chur i dtábhacht agus a fheabhsú – go háirithe iad siúd atá 35 bliana d’aois ar a laghad.

Feidhmeoidh an tagairt mar mharc sainiúil, cuirfidh sí luach leis an táirge agus leis an táirgeoir araon agus cuirfidh sí feabhas ar thábhacht stairiúil agus chultúrtha chineál dearg Garnacha agus ar a luach oidhreachta. Ciallaíonn sé sin go gcuideoidh cosaint na bhfíonghort lena mbaineann le haitheantas fíona ‘Campo de Borja’ a chaomhnú freisin.

Ina theannta sin, cuirfidh an tagairt uathúlacht agus cáilíocht shainiúil an fhíona ó sheanfhíniúnacha i dtábhacht agus cuirfidh sí in iúl do thomhaltóirí go dtéann fíon den sórt sin chun tairbhe don chomhshaol - cuidíonn caomhnú seanfhíonghort ina suíomh nádúrtha agus ina dtírdhreach le bonn taca a chur faoi inbhuanaitheacht na limistéar tuaithe - agus don tsochaí araon - trí dhlúthpháirtíocht a chur chun cinn agus trí eolas a aistriú ó ghlúin go glúin.

Tá sé i gceist leis sin uile a áirithiú go n-aithneofar níos mó cáil an réigiúin mar tháirgeoir fíonta ar ardchaighdeán agus go bhfeabhsófar é laistigh den Spáinn agus lasmuigh de theorainneacha na tíre araon – rud ar cheart próifíl níos airde a bheith mar thoradh air don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Campo de Borja’.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Campo de Borja

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala agus rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíon geal:

Cuma: glan, criostalta, glasbhuí. Dea-bholadh: bláthach, torthaíoch, dian. Blas: úr, searbh.

Fíon rosé:

Cuma: glan, criostalta, bándearg (dorcha). Dea-bholadh: torthaíoch, bláthach. Blas: úr, searbh, torthaíoch.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 250 mg/l má tá an méid siúcra ≥ 5 g/l

* Neart alcóil iomlán de réir toirte: féadfaidh siad toirt 15 % a shárú i bhfíonta a tháirgtear gan saibhriú.

* Comhlíonfaidh na paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

2. *Fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: glan, criostalta, dearg (caordhearg).

Dea-bholadh: torthaíoch, aibí, bláthach.

Blas: fada, deas, dea-struchtúrtha, méith, mór.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 mg/l má tá an méid siúcra ≥ 5 g/l

* Neart alcóil iomlán de réir toirte: féadfaidh siad toirt 15 % a shárú i bhfíonta a tháirgtear gan saibhriú.

* Comhlíonfaidh na paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

3. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: glan, criostalta, buí nó bándearg (ag brath ar cibé acu fíonta geala nó rosé atá i gceist).

Dea-bholadh: torthaíoch agus/nó bláthach.

Blas: searbh, cothrom, úr.

* Comhlíonfaidh na paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10,83

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 160

4. *Fíonta atá 'milis go nádúrtha'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: ag brath ar a *cuvée* (cibé acu fíonta geala, rosé nó dearga atá i gceist), beidh imireacha glasa, vialait nó dearga orthu.

Dea-bholadh: níl sé éagsúil le dea-bholadh a *cuvée*, le dea-bholaithe glana, níos déine.

Blas: níos déine, deas sa bhéal agus le milseacht áirithe, atá ina saintréith dá gcuid leibhéal siúcra, le blasanna torthaí criostalaithe nó triomaithe.

* Uasmhéid de dhé-ocsaíd sulfair 200 mg/l i bhfíonta geala agus rosé agus 150 mg/l i bhfíonta dearga má tá an méid siúcra < 5 g/l.

* Uasmhéid de dhé-ocsaíd sulfair 250 mg/l i bhfíonta geala agus rosé agus 200 mg/l i bhfíonta dearga má tá an méid siúcra ≥ 5 g/l.

* Comhlíonfaidh na paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 13

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíonta 'buainte go déanach':*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: ag brath ar a *cuvée* (cibé acu fíonta geala, rosé nó dearga atá i gceist), beidh imireacha glasa, vialait nó dearga orthu.

Dea-bholadh: níl sé éagsúil le dea-bholadh a *cuvée*, le dea-bholaithe glana, níos déine.

Blas: níos déine, deas sa bhéal agus le milseacht áirithe, atá ina saintréith dá gcuid leibhéal siúcra, le blasanna torthaí criostalaithe nó triomaithe.

* Uasmhéid de dhé-ocsaíd sulfair 200 mg/l i bhfíonta geala agus rosé agus 150 mg/l i bhfíonta dearga má tá an méid siúcra < 5 g/l.

* Uasmhéid de dhé-ocsaíd sulfair 250 mg/l i bhfíonta geala agus rosé agus 200 mg/l i bhfíonta dearga má tá an méid siúcra ≥ 5 g/l.

* Comhlíonfaidh na paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 13

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 15

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *Fíonta licéir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: ag brath ar a *cuvée* (cibé acu fíonta geala, rosé nó dearga atá i gceist), beidh imireacha glasa, vialait nó dearga orthu.

Dea-bholadh: níl sé éagsúil le dea-bholadh a *cuvée*, le dea-bholaithe glana, níos déine.

Blas: níos déine, deas sa bhéal agus le milseacht áirithe, atá ina saintréith dá gcuid leibhéal siúcra, le blasanna torthaí criostalaithe nó triomaithe.

* Dé-ocsaíd sulfair 200 mg/lítear má tá an méid siúcra ≥ 5 g/lítear

* Comhlíonfaidh na paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 15

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas saothraithe

Ní mór an dlús plandaithe a bheith 1 500 planda in aghaidh an heicteáir ar a laghad agus 4 000 planda in aghaidh an heicteáir ar a mhéad, arna ndáileadh go cothrom ar fud an limistéir iomláin plandaithe fíniúna.

2.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Nuair a dhéantar buaint, ní úsáidtear ach fíonchaora sláintiúla atá aibí go leor, agus ag a bhfuil méid siúcra 170 g/l d'úrfhíon ar a laghad, chun na fíonta faoi chosaint a tháirgeadh. Cuirtear i leataobh fíonchaora nach bhfuil riocht foirfe orthu.

Ní mór brú leordhóthanach a chur i bhfeidhm chun an t-úrfhíon nó an fíon a eastóscadh agus a dheighilt ón marc, ionas nach sáraíonn an táirgeacht 74 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor dearg

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2.

59,2 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha fíonchaor geal

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4.

74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is éard atá i limistéar geografach ATFC 'Campo de Borja' talamh atá suite sna bardais seo a leanas i gcúige Zaragoza i bPobal Féinrialaitheach Aragón: Agón, Ainzón, Alberite, Albeta, Ambel, Bisimbre, Borja, Bulbuente, Bureta, El Buste, Fuendejalón, Magallón, Maleján, Pozuelo de Aragón, Tabuenca, agus Vera de Moncayo, chomh maith leis na polagáin chadastracha 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10 agus 11 de chuid bhardas Mallén, agus na polagáin chadastracha 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 14 agus 19 de chuid bhardas Fréscano.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

CABERNET SAUVIGNON

CALADOC

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA

GARNACHA TINTA

GARNACHA TINTORERA

MACABEO - VIURA

MARSELÁN

MAZUELA

MERLOT

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO

VERDEJO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

FÍON

Tá an nasc le limistéar geografach an fhíona bunaithe ar thraidisiún stairiúil a théann siar go dtí roimh 1203. Bhí tionchar láidir ag Mainistir Veruela ar fhorbairt an fhíonsaothrúcháin, agus chuidigh sí le traidisiún, atá ann fós sa lá atá inniu ann, a chaomhnú, a fhorbairt agus a neartú. Bíonn éifeacht ag frasaíocht íseal, an ghaoth ar a dtugtar gaoth Cierzo agus athruithe tobanna ar an teocht ar thréithe orgánaileipteacha na bhfíonta. Déanann an ghaoth Cierzo trasghalú dian a chuireann teorainn le taise san ithir, agus tá sé sin ina chúis le strus buan maidir le huisce, rud a lagaíonn na fíniúnacha. Dá réir sin, tarlaíonn aibíocht fheanólach go han-mhall, rud a thógann amach dea-bholaithe suntasacha agus dathanna déine sna fíonta.

FÍON LICÉIR

Téann fíonta licéir traidisiúnta an ATFC 'Campo de Borja' siar na céadta bliain. Soláthraíonn dálaí geografacha agus aeráide an limistéir leibhéal an-ard aibíochta agus, i dteannta le táirgeacht íseal agus buaint dhéanach sna fíonghoirt, tugann siad carachtar sainiúil ina sheasann amach dea-bholaithe torthaí atá an-aibí nó fiú ró-aibí (ar cáilíochtaí an-chuí iad le haghaidh fíonta licéir).

FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN

Bíonn tionchar ag na gnéithe ithreach nádúrtha, aeráide agus fíonóireachta sa limistéar ar na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán sa mhéid is go dtugann siad a gcuid saintréithe sonracha físe, boltanacha agus blastachta dóibh. Tá na fíonta súilíneacha sin a tháirgtear go traidisiúnta bog agus uachtarúil, ag cur meascán de dhea-bholaithe agus de bhlasanna na bhfíonta a tháirgtear sa limistéar geografach i láthair. Tugann coipeadh tánaisteach sa bhuidéal agus aosú ar na moirt choipthe bolgáin mhíne a mhaireann go fada dóibh, chomh maith le dea-bholadh torthaíoch agus galánta.

9. **Coinníollacha físor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór fógra a thabhairt don Bhord Rialála faoi lipéid tráchtála gach cuideachta cláraithe ionas gur féidir iad a thaifeadadh sa Chlár Lipéad nuair a bheidh seiceáil déanta orthu maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa tsonraíocht táirge seo.

Ní mór an fhoclaíocht seo a leanas a bheith ar lipéid: Denominación de Origen 'Campo de Borja' [Ainmniúchán Tionscnaimh 'Campo de Borja']. Ní mór séalaí deimhnithe a bheith ar tháirgí atá ceaptha chun tomhaltais, arna n-uimhriú agus arna n-eisiúint ag an mBord Rialála. Ní mór iad a ghreamú ag an bhfíonlann chláraithe sa chaoi is nach féidir iad a athúsáid.

Is iad seo a leanas na téarmaí traidisiúnta a fhéadfar a úsáid ar na fíonta atá cumhdaithe ag ATFC 'Campo de Borja':

— Téarmaí traidisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 112(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: Denominación de Origen [Ainmniúchán Tionscnaimh]

— Téarmaí traidisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 112(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: 'Crianza', 'Reserva', 'Gran Reserva', 'Añejo', 'Noble', 'Clásico', 'Rancio', 'Superior' agus 'Viejo'.

Foclaíocht bhreise a fhéadfar a úsáid ar an lipéadú ag brath ar an modh táirgthe: 'Naturalmente dulce' (milis go nádúrtha), 'Vendimia tardía' (buainte go déanach), 'Maceración carbónica' (maothú carbónach), 'Roble' (dair), agus 'Fermentado en barrica' (coipthe i mbairille).

Féadfar an téarma breise 'Garnachas Históricas' a úsáid le haghaidh fíonta aonchineálacha a dhéantar le fíonchaora de chineál dearg Garnacha ó fhíonghoirt atá 35 bliana d'aois ar a laghad.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe ar a dtugtar tuairisc i bpointe 4 den tsonraíocht táirge, lena soláthrófar ráthaíocht maidir le tionscnamh an táirge.

D'fhéadfadh go gcuirfeadh iompar agus buidéalú an fhíona lasmuigh den limistéar déanta fíona a cháilíocht a chur i mbaol, toisc go bhféadfadh sé a bheith nochta d'ocsaídiú-dí-ocsaídiú, éagsúlachtaí i dteocht agus tionchair eile. Dá fhaide a thaistealaíonn an fíon, is ea is mó an riosca. Is féidir saintréithe agus cáilíocht an táirge a chaomhnú trí bhuidéalú sa limistéar tionscnaimh.

Oibríocht thábhachtach é buidéalú agus, mura ndéanfaí é i gcomhréir le ceanglais dhiana, d'fhéadfadh go mbainfeadh sé an bonn go mór de cháilíocht an táirge agus go n-athrófaí saintréithe an fhíona.

Ciallaíonn na tosca sin – in éineacht leis an taithí agus leis an eolas críochnúil ar cháilíochtaí áirithe na bhfíonta a d'fhorbair fíonlanna ATFC 'Campo de Borja' i gcaitheamh na mblianta – nach mór na fíonta a bhuidéalú sa limistéar tionscnaimh (agus dá bhrí sin a dtréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha uile a choinneáil).

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.aragon.es/documents/d/guest/202412_pliego_condiciones_dop_campo_borja_vigente